# An Fheirmeoireacht Fionnaidh

Ceist 1

(a) Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi dhúnadh fheirmeacha fionnaidh sa tír. Seo thíos sliocht as an tuairisc. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí a líonadh – roghnaígí an focal ceart ón chiorcal. Bígí cúramach - tá focail ann le sibh a chur ar strae! Nuair atá rogha agaibh idir dhá fhocal atá cosúil le chéile sa chiorcal, an féidir libh a rá cén fáth a rinne sibh an rogha?

Coinnítear na hainmhithe _____ i gcásanna, áit a gcothaítear iad go dtí go mbíonn siad sé nó seacht mí d'aois. Ansin, maraítear iad agus téann a gcraicne go margaí idirnáisiúnta, áit a gceannaíonn trádálaithe ar fud an _____ iad le héadach a dhéanamh astu. Sé _____ feirm fionnaidh atá san _____ cé go bhfuil bac ar an chleachtas i Sasana agus i dTuaisceart _____. Chuir grúpa atá ag agóid le cearta a fháil d'ainmhithe fáiltiú roimh an scéala go mbeidh deireadh leis na feirmeacha seo. Tá sé beartaithe ag na feirmeoirí fionnaidh sa tír seo a theacht le chéile le iarracht a dhéanamh a _____ a phlé leis an rialtas go luath. Deir Aontas na bhFeirmeoirí Fionnaidh gur fiú cúig mhilliún euro sa bhliain an tionscal seo d'_____ agus go bhfuil dhá chéad post curtha i mbaol anois de bharr moltaí an Chomhaontais Ghlais.




(b) Féachaigí ar an tuairisc - an raibh an ceart agaibh?

Ceist 2

Anois éist leis an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil eagla ar fheirmeoirí fionnaidh i nDún na nGall?
2. Cén t-eolas a thugtar faoi fheirm Sven?
3. Cén imní atá ar Sven?
4. Déan cur síos ar shaol mince ar fheirm Sven?
5. Cad a bhí le rá ag Aontas na bhFeirmeoirí Fionnaidh faoin scéal?

Ceist 3

'…a gcás a phlé…'
Cuir an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní sna bearnaí thíos:

1. Ba mhaith leis an fhear a (cóta) _____ féin a aimsiú ach ní féidir leis.
2. Tá an bhean úd an-deas ach tá a (mac) _____ mí-ionraic go leor, deirtear.
3. Chuaigh mo (cara) _____ ar laethanta saoire sa Spáinn anuraidh agus bhí am maith aici.
4. An bhfuil do (cuid) _____ bia ite agat go fóill?
5. Is léir go bhfuil na daoine sin réidh anois le tosú mar go bhfuil a (gluaisteán) _____ páirceáilte acu.
6. Nach bhfuil sibh críochnaithe go fóill? Beidh bhur (dinnéar) _____ fuar.

Ceist 4 '. . . coinnítear . . . cothaítear . . . maraítear . . .'

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na samplaí ón tuairisc thuas?

(b) Cuir na briathra seo san fhoirm chéanna agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sábháil | Taispeáin | Ceannaigh | Foghlaim |
| Tá | Faigh | Téigh | |

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cad a cheapann tú faoi thionscal an fhionnaidh?
An bhfuil daoine a itheann feoil níos sláintiúla ná daoine a itheann glasraí amháin?
An mothaíonn ainmhithe pian cosúil linn féin?
An bhfuil ainmhithe i zúnna sásta, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Coinnítear na hainmhithe (1) istigh i gcásanna, áit a gcothaítear iad go dtí go mbíonn siad sé nó seacht mí d'aois. Ansin, maraítear iad agus téann a gcraicne go margaí idirnáisiúnta, áit a gceannaíonn trádálaithe ar fud an (2) domhain iad le héadach a dhéanamh astu. Sé (3) mhíle feirm fionnaidh atá san (4) Eoraip cé go bhfuil bac ar an chleachtas i Sasana agus i dTuaisceart (5) Éireann. Chuir grúpa atá ag agóid le cearta a fháil d'ainmhithe fáiltiú roimh an scéala go mbeidh deireadh leis na feirmeacha seo.

Tá sé beartaithe ag na feirmeoirí fionnaidh sa tír seo a theacht le chéile le iarracht a dhéanamh a (6) gcás a phlé leis an rialtas go luath. Deir Aontas na bhFeirmeoirí Fionnaidh gur fiú cúig mhilliún euro sa bhliain an tionscal seo (7) d'Éirinn agus go bhfuil dhá chéad post curtha i mbaol anois de bharr moltaí an Chomhaontais Ghlais.

1. Suíomh atá i gceist, *isteach* a bheadh ann dá mbeadh gluaiseacht i gceist.
2. An tuiseal ginideach, uimhir uatha.
3. Bíonn séimhiú ar an ainmfhocal idir na huimhreacha 2-6.
4. Tagann guta tar éis 'san'.
5. Tuiseal ginideach.
6. Aidiacht shealbhach, sa tríú pearsa iolra.
7. An tuiseal tabharthach.

Ceist 2

1. Táthar chun cosc a chur ar fheirmeacha fionnaidh i gclár nua an rialtais agus deirtear gur buille tubaisteach a bheadh anseo don cheantar ina bhfuil an fheirm.
2. Feirmeoir minceanna atá i Sven Sjoholm. Tá na mílte minc aige ar a fheirm i nDroim an Locha taobh amuigh de na Gleannta. Tá an fheirm seo ag feidhmiú le daichead bliain.
3. Tá imní ar Sven go mbeidh a thionscal bánaithe taobh istigh de chúpla bliain de bharr pleananna an Chomhaontais Ghlais cosc a chur ar fheirmeoireacht fionnaidh sa tír seo. Deir Sven go mbaineann seisean úsáid as gnóthaí áitiúla feola le hábhar bia a cheannach do na minceanna. Agus deir sé go mbeidh na gnóthaí seo ag fulaingt go mór nuair a dhruideann a fheirm.
4. Coinnítear na hainmhithe istigh i gcásanna, áit a gcothaítear iad go dtí go mbíonn siad sé nó seacht mí d'aois. Ansin, maraítear iad agus téann a gcraicne go margaí idirnáisiúnta, áit a gceannaíonn trádálaithe ar fud an domhain iad le héadach a dhéanamh astu.
5. Deir Aontas na bhFeirmeoirí Fionnaidh gur fiú cúig mhilliún euro sa bhliain an tionscal seo d'Éirinn agus go bhfuil dhá chéad post curtha i mbaol anois de bharr moltaí an Chomhaontais Ghlais.

Ceist 3

1. Ba mhaith leis an fhear a chóta féin a aimsiú ach ní féidir leis.
2. Tá an bhean úd an-deas ach tá a mac mí-ionraic go leor, deirtear.
3. Chuaigh mo chara ar laethanta saoire sa Spáinn anuraidh agus bhí am maith aici.
4. An bhfuil do chuid bia ite agat go fóill?
5. Is léir go bhfuil na daoine sin réidh anois le tosú mar go bhfuil a ngluaisteáin páirceáilte acu.
6. Nach bhfuil sibh críochnaithe go fóill? Beidh bhur ndinnéar fuar.

Ceist 4
(a) An briathar saor san aimsir láithreach.

(b) Sábháiltear, taispeántar, ceannaítear, foghlaimítear, táthar, faightear agus téitear.

Ceist 5
Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile.

# An Fheirmeoireacht Fionnaidh

Maolra Mac Donnchadha
Deir feirmeoirí fionnaidh i dTír Chonaill gur buille tubaisteach atá ann don cheantar go mbeidh ar fheirmeacha fionnaidh dúnadh taobh istigh de thrí bliana. I gclár nua rialtais beidh cosc ar fheirmeacha fionnaidh - cúig cinn de fheirmeacha minceanna atá faoi láthair sa tír. Chuaigh Áine Ní Bhreisleáin chuig feirm sna Gleannta.

Áine Ní Bhreisleáin
Feirmeoir minceanna atá i Sven Sjoholm, tá na mílte minc aige ar a fheirm i nDroim an Locha taobh amuigh de na Gleannta*. Tá sé ar cheann de chúigear (feirmeoirí) minceanna** ar fud na tíre. An ceann seo ag feidhmiú le daichead bliain. Tá imní ar Sven go mbeidh a thionscal bánaithe taobh istigh de chúpla bliain de bharr pleananna an Chomhaontais Ghlais cosc a chur ar fheirmeoireacht fionnaidh sa tír seo. Deir Sven go mbaineann seisean úsáid as gnóthaí áitiúla feola le hábhar bia a cheannach do na minceanna. Agus deir sé go mbeidh na gnóthaí*** seo ag fulaingt go mór nuair a dhruideann a fheirm.

Coinnítear na hainmhithe istigh i gcásanna, áit a gcothaítear iad go dtí go mbíonn siad sé nó seacht mí d'aois. Ansin, maraítear iad agus téann a gcraicne go margaí idirnáisiúnta, áit a gceannaíonn trádálaithe ar fud an domhain iad le héadach a dhéanamh astu. Sé mhíle feirm fionnaidh atá san Eoraip cé go bhfuil bac ar an chleachtas i Sasana agus i dTuaisceart Éireann. Chuir grúpa atá ag agóid**** le cearta a fháil d'ainmhithe fáiltiú roimh an scéala go mbeidh deireadh leis na feirmeacha seo.

Tá sé beartaithe ag na feirmeoirí fionnaidh sa tír seo a theacht le chéile le iarracht a dhéanamh a gcás a phlé leis an rialtas go luath. Deir Aontas na bhFeirmeoirí Fionnaidh gur fiú cúig mhilliún euro sa bhliain an tionscal seo d'Éirinn agus go bhfuil dhá chéad post curtha i mbaol anois de bharr moltaí an Chomhaontais Ghlais.

Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, ar na Gleannta, i gCo. Dhún na nGall.

**Na Gleanntaí* a deirtear
***minc* a deirtear
****gnónna* a deirtear
*****ag agóideacht* a deirtear